— a ordú do BEI an méid a aisghabhadh a aisíoc, ar gá a mhéadú ar ráta ús mainneachtana arna socrú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta móide dhá phointe céatadáin;

— a ordú don BEI na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne an chinnidh ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) an 28 Meán Fómhair 2021, maidir le EUR 61 186,61 a haisghabháil ar íocadh an tsuim sin go mícheart i dtaca le liúntais oideachais, liúntais linbh chleithiúnaigh agus sochair a bhaineann leis sin, le haghaidh na tréimhse idir Iúil 2014 agus Bealtaine 2017, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil locht ann toisc easpa inniúlachta údar an achta.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh tréimhse teorann cúig bliana faoi Airteagal 16.3 de na forálacha riaracháin atá infheidhme ar fhoireann BEI ("na Rialacha Foirne").

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 16 de na Rialacha Foirne, nach gcomhlíontar na coinníollacha um aisghabháil fúthu, chomh maith leis an tréimhse teorann cúig bliana.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagail 2.2.3 agus 2.2.4 de na Rialacha Foirne agus gurbh ann d'earráid fhollasach measúnaithe.

---

**Caingean arna tabhairt an 30 Lúnasa 2022 – Belarusian Potash Company v an Chomhairle**

**(Cás T-534/22)**

(2022/C 389/26)

*Teanga an cháis: An Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Belarusian Potash Company AAT (Mionsc, an Bhealarúis) (ionadaí: V. Ostrovskis, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/881 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]) a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/876 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([2]) a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir (le chéile, "na hAchtanna a chonspóidtear"); agus

— a ordú don Chomhairle costais agus caiteachais iomlána na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear iad siúd a thabhaigh an t-iarratasóir maidir lena chosaint.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena líomhnaítear go sáraítear prionsabal na dlíthiúlachta leis na hAchtanna a chonspóidtear.

   — Tá roinnt téarmaí sna cúiseanna le liostú an iarratasóra nach bhfuil sainmhínithe sna hAchtanna a chonspóidtear ná sa chásdlí. Mar thoradh air sin, níl an bhrí atá leo soiléir don iarratasóir, agus ní féidir leis iad a thuiscint gan athbhrí ná cinneadh a dhéanamh conas gníomhú i gcomhthéacs na mbeart a ghlac an Chomhairle ina choinne.

2. An dara saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus an oibleagáid cúiseanna a lua.

3. An tríú saincheist dlí lena líomhnaítear earráid fhollasach measúnaithe.

   — Tá an chuid is mó den fhianaise a thug an Chomhairle ar aird neamhiontaofa, míchruinn nó neamhbhainteach leis an iarratasóir nó leis na cúiseanna leis an liostú.

   — Theip ar an gComhairle an bealach a bhaineann an t-iarratasóir leas as réimeas Lukashenka nó a dtacaíonn sé leis a léiriú. Mar sin, theip ar an gComhairle a chruthú go mbaineann an t-iarratasóir leas as réimeas Lukashenka nó go dtacaíonn sé leis.

4. An ceathrú saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

(1) IO 2022 L 153, lch. 77.
(2) IO 2022 L 153, lch. 1.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 25 Lúnasa 2022 – Silgan Closures agus Silgan Holdings v an Coimisiún**

**(Cás T-415/18)** (1)

(2022/C 389/27)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

D’ordaigh Uachtarán an Naoú Dlísheomra an cás a bhaint den chlár.

(1) IO C 294, 20.8.2018.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 25 Lúnasa 2022 – Silgan International agus Silgan Closures v an Coimisiún**

**(Cás T-808/19)** (1)

(2022/C 389/28)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

D’ordaigh Uachtarán an Naoú Dlísheomra an cás a bhaint den chlár.

(1) IO C 27, 27.1.2020.